# Aonad Oibre Samplach 2
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
# Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile/ Sonraíocht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br><br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**TF4 - Struchtúr abairte agus gramadach**<br>Frásaí coitianta agus abairtí bunúsacha a úsáid<br>**TF8 - Catagóiriú**<br>Rudaí a aithníonn siad a ainmniú, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a chatagóiriú | **Snáithe:** Sonraí agus Seans<br>**Snáithaonaid:** Sonraí<br><br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó. |

| Cleachtais Oideolaíochta & Gnéithe CMB | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM, lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>-Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br><br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:**<br>·Cumarsáid:m.sh. éisteacht le daoine eile<br>·Tuiscint agus Ceangal: m.sh. idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí<br>·Réasúnaíocht:m.sh. argóint a dhéanamh ar a son a gcuid smaointeoireachta agus í a chosaint<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann frásaí coitianta agus abairtí bunúsacha a rá/a úsáid (TF4)? m.sh: Ar chuala tú iad ag rá “Tá siad buí” An raibh na páistí in ann rudaí a d’aithin siad a ainmniú (TF8)?<br>**Idirdhealú** - Roinnt: Abairtí bunúsacha a rá agus ceisteanna a chur Formhór: Rudaí a aithníonn siad a ainmniú Gach duine: Treoracha simplí a leanúint. (Beirteanna ar mheascán cumais).<br>**Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile**: An raibh na páistí in ann réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó?<br>**Ceistiúchán**: D’fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú**: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora**: D’fhéadfaí nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí sórtála? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

# Aonad Oibre Samplach 2
# Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha):
# Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga na bPáistí |
|---|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh!<br>**Teanga na nGníomhaíochtaí**<br>Tacar, sórtáil, grúpáil<br>Ciúb, ciúbanna, béirín, béiríní, cipín, cipíní<br>Aidiachtaí ( Uatha agus Iolra): Dathanna – dearg, buí, glas, oráiste ,dearga, glasa, dubha, gorm, gorma<br>Méid- mór, beag, fada, gearr/ móra, beaga, fada, gearra<br>béirín dearg, glas, gorm, buí, oráiste.<br>béiríní dearga, gorma, glasa, buí, oráiste.<br>béirín beag, mór, béiríní beaga, móra<br>Féach ar na ciúbanna, tá siad go deas. Tá ciúbanna deasa ar an mbord.<br>An bhfuil ciúbanna/béiríní/cipíní agat a Sheáin?<br>Cad atá agat? | Féach ar na ciúbanna, tá siad go deas. Tá ciúbanna deasa ar an mbord.<br>An bhfuil ciúbanna/béiríní/cipíní agat a Sheáin?<br>Cad atá agat?<br>Inis dom faoi na rudaí atá agat? Cad atá agat ansin a Mháire?<br>Seo ciúb buí. An féidir leat níos mó de na ciúbanna seo a fháil?<br>Cuir le chéile iad. Tá dath buí ar na ciúbanna. Tá tacar ciúbanna agam.<br>Tá siad ar fad...<br>Tá siad dearg, buí, gorm, mór, beag…<br>Téann siad le chéile mar go bhfuil siad cosúil lena chéile.<br>Téann siad le chéile mar tá siad dearg, buí...<br>Tá dathanna difriúla orthu.<br>Bígí ag sórtáil a pháistí!<br>Chuir tú na béiríní seo le chéile. An bhfuil béirín ar bith eile ann?<br>Cá gcuirfidh tú iad? Cuir le chéile iad. Tá tacar agat. Inis dom faoin tacar atá agat. Cén fáth ar chuir tú iad seo le chéile? Cén fáth ar chuir tú na ciúbanna anseo agus ní ansin? ( leis na béiríní) Cén fáth a dtéann siad le chéile? Cén tslí a bhfuil siad difriúil? Cén fáth nach mbaineann an ceann seo leis na cinn eile? | • Tá, Níl,<br>• Is ciúbanna iad ar fad, is béiríní iad ar fad<br>• Tá siad ar fad... (dearg, buí, gorm, glas, mór, beag)<br>• Tá siad mór, beag…<br>• Téann siad le chéile mar go bhfuil siad cosúil lena chéile.<br>• Téann siad le chéile mar go bhfuil siad dearg, buí...<br>• Tá dathanna difriúla orthu. |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghniomhaiocht

**Tréimhse Luathchumarsáide (1): Dathanna** (Sleamhnáin 4 - 17) Taispeáin na dathanna difriúla don rang. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh. Ansin téigh siar ar an dán 'Bogha Báistí' ó aonad oibre samplach 1 leis na páistí. Bain úsáid as na cluichí Wordwall agus Cluiche Kim leis na béiríní chun dul siar a dhéanamh ar na dathanna.

**Tréimhse Luathchumarsáide (2): Amhrán** (Sleamhnáin 19) Can 'Ciúbanna Deasa' chun na dathanna a bhíonn ar chiúbanna a ainmniú agus an aidiacht iolra a chleachtadh leis na páistí. Is féidir an rann seo a úsáid le béiríní, carranna, cnaipí, ainmhithe, soip, ag baint úsáid as cibé rud atá sa seomra.

**Tréimhse Luathchumarsáide (3): Dán** (Sleamhnán 20) Múin an dán faoi bhéiríní chun dathanna agus méid na mbéiríní a ainmniú agus an aidiacht iolra a chleachtadh leis na páistí. Is féidir an rann seo a úsáid le béiríní, carranna, cnaipí, ainmhithe, soip, ag baint úsáid as cibé rud atá sa seomra.

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)** (Sleamhnáin 21 - 27)

Tabhair bailiúcháin de rudaí do na páistí atá mar an gcéanna ach atá éagsúil ó thaobh airí amháin de.

Más féidir dírigh ar dhathanna agus méid.

Tá roinnt samplaí ar shleamhnáin 22 go 26.

Cuir ábhair éagsúla os comhair na bpáistí agus lig do na páistí iad a shórtáil. D'fhéadfá béiríní, soip, ábhair nádúrtha, cnaipí, srl a úsáid. Is é claonadh nádúrtha an pháiste ná a bheith ag súgradh leis an mbailiúchán atá acu. Níor chóir seo a dhéanamh faoi dheifir moltar deis a thabhairt do na páistí na bailiúcháin atá acu a láimhseail agus a smaointe féin a thriail le dul i dtaithí ar rudaí. **(Gné: Tuiscint agus Ceangal)** Bí ag caint leo agus á gceistiú maidir le cad atá á dhéanamh acu. Cuir ord na bpáistí ar obair pháistí ar leith (D'fhéadfá visualiser (amharcléiritheoir) a úsáid). Bígí ag caint faoi cad a rinne na páistí éagsúla. Déarfaidh na páistí leat cad a rinne siad as Béarla agus is féidir leis an múinteoir é a athrá as Gaeilge. Mar shampla-'these ones are red'. 'An-mhaith' 'Seo na béiríní dearga, seo tacar de bhéiríní móra'. **(Gnéithe: Cumarsáid/Réasúnaíocht)**

**Gníomhaíocht Bhreise Roghnach** (Sleamhnán 28) Iarr ar na páistí na hábhair atá acu a shórtáil de réir airí amháin ag úsáid léaráid chrainn. **(Gné: Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)** (Sleamhnáin 29&30) An uair seo iarr ar na páistí earraí a shórtáil de réir dhá airí. Tá rogha ag na páistí - is féidir leo rudaí a shórtáil cúpla bealach éagsúla. Mar shampla d'fhéadfaidís na béiríní a shórtáil de réir méide nó de réir datha. **(Gnéithe: Tuiscint agus Ceangal/ Réasúnaíocht/Cumarsáid/Cur i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
Oide

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaíocht

**Gníomhaíocht 1: Cluiche Kim** Imir Cluiche Kim leis an rang le nithe fisiciúla lena raibh siad ag súgradh chun ainmneacha na rudaí atá ar an mbord agus atá sórtáilte acu a thabhairt chun cuimhne agus a chleachtadh.

**Gníomhaíocht 2: Amhrán** Can 'Ciúbanna Deasa' leis na páistí arís chun an aidiacht iolra a chleachtadh níos mó. Ansin can 'Béiríní Beaga Dearga' leis an bhfonn céanna chun cuidiú leis an daingniú.

**Dúshlán Breise:** D'fhéadfadh na páistí earraí a shórtáil de réir 3 airí nó níos mó má tá gá le dúshlán breise.

**Aiseolas ceartaitheach:** Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://oide.ie/wp-content/uploads/2023/10/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf

| Trealamh | Tagairtí |
|---|---|
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 2<br>• Teilifís chliste/osteilgeoir le callairí (speakers)<br>• Béiríní beaga agus móra, cipíní, ciúbanna de dhathanna éagsúla | • Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga (2025)<br>• Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Mol Mata: https://ccea.org.uk/mol-mata/laimhseoga/uirlis-sortal<br>• Réidh, Socair, Déan - Mata: Lámhleabhar praiticiúil do mhúinteoirí le Eunice Pitt (2011)<br>• Mol Churaclam Mata na Bunscoile Oide: https://pmc.oide.ie/ga/ |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Nótaí an Mhúinteora: D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó na matamaitice de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |